# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2021

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Ní cheadaítear aon mharc don teideal, ach beidh sé riachtanach chun an teideal a chur san áireamh chun 'ábharthacht na bhfoinsí don ábhar' a chur san áireamh i *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go hiomlán agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = uasmhéid 6 mharc maidir le dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (eg: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, etc) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Nuair a chuirtear gach rud sa fhreagra san áireamh, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| ***Go han-mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Go maith:*** | 6-7 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| Tagairt don DÁ fhoinse | | Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | |
|---|---|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 21-25 mharc | ***An-mhaith:*** | 14-17 marc |
| ***Maith:*** | 15-20 marc | ***Maith:*** | 10-13 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 8-14 mharc | ***Réasúnta:*** | 5-9 marc |
| ***Lag:*** | 0-7 mharc | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas ar an stair* – 25 marc**<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá tábhacht stairiúil leis an staidéar roghnaithe<br>(níl sé doiléir ná gan tábhacht)<br>Plé cóir agus cothrom ar na ceisteanna<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith:***<br>***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan Amach<br>Fad cuí | ***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

### *Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Agus tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***An-mhaith:*** 8-10 marc
***Maith:*** 6-7 mharc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Lag:*** 0-3 mharc

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

(a) Do dhaoine nach raibh ag taisteal ar na busanna 8M

(b) Mar ionaid chun daoine a phiocadh suas 8M

(c) D'oibrigh siad "de ló is d'oíche" 8M

(d) Tiomsú airgid 8M

(e) Dhírigh na póilíní a n-aire ar thiománaithe deonacha, á gceistiú faoina ceadúnais agus a gcuid árachais/thug siad ticéid do thiománaithe i dtaca le cionta tráchta líomhnaithe. 8M

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Is ea, maítear sa dá dhoiciméad gur eagraigh oibrithe deonacha an baghcat?

I ndoiciméad A, deir na chéad línte "thugamar grúpa oibrithe deonacha le chéile". Cuireann sé síos ar an mbealach ar oibrigh siad de ló is d'oíche chun "oibrithe deonacha" a fháil chun páirt a ghlacadh sa chóras carr-roinnte.

Deir doiciméad B go raibh an córas carr-roinnte "ag brath ar oibrithe deonacha". Cuireann sé síos ar an mbealach ar stopadh "tiománaithe deonacha" agus iad á gceistiú ag na póilíní.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte. Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) A b'fhéidir, ach glactar le A nó B, agus marcáiltear caighdeán an fhreagra. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

Doiciméad A

- an méid mór eagrúcháin a bhí i gceist leis an mbaghcat.
- tiománaithe deonacha a fháil don chóras carr-roinnte agus ionaid chun daoine a phiocadh suas a eagrú i gceantair dhubha agus i gceantair ghorma.
- bhí fadhbanna ann rud a thugann le fios go raibh an baghcat dóibh sin a ghlac páirt ann.
- bhí faitíos ar roinnt daoine gorma go rabhthas ag dul rófhada leis an scéal.
- bhí imní ar lucht an bhaghcait faoina gcuid jabanna

Doiciméad B:

- bhí ciapadh ó na póilíní i gceist maidir leis na tiománaithe carr-roinnte
- bhí aire dírithe ar thiománaithe deonacha agus iad á gceistiú
- Tugadh ticéid do thiománaithe deonacha i dtaca le cionta tráchta líomhnaithe.

Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach. 5M + 5M Uasmharc = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is foinse phríomhúil é Doiciméad A.

Bhí Rufus Lewis ar dhuine de lucht eagraithe an bhaghcait; seo cuntas bunaithe ar thaithí phearsanta. Deirtear linn "go dtugann chun cuimhne an pháirt" a ghlac sé sa bhaghcat. Glactar le cuimhní cinn pearsanta na ndaoine a ghlac páirt san eachtra mar fhoinsí príomhúla. Léiríonn sé a eolas ar na heachtraí trí chur síos a dhéanamh ar an méid oibre a bhí le déanamh chun an baghcat a eagrú, e.g., ionaid chun daoine a phiocadh suas a eagrú i gceantair ghorma agus gheala sa chathair. Tá sé in ann cur síos a dhéanamh ar an bhfaitíos a bhí ar chomhbhaill dá phobal gorm, amhail a raibh imní orthu faoina gcuid jabanna a chailleadh i ndiaidh dóibh páirt a ghlacadh sa bhaghcat.

Is féidir le fáth amháin, atá mínithe/tacaithe go maith, marcanna iomlána a fháil.

Uasmharc = 10M

(b) Tuairim amháin = 5M

Míniú = 5M

Uasmharc = 10M

*4. Comhthéacsúchán (20 marc)*

Tabhair do d'aire go bhfuil an cheist ag iarradh a fháil amach **faoin bpáirt a ghlac Martin Luther Kin**g i mbaghcat bus Montgomery.

Marcáiltear de réir phrionsabal an Chroí-ráitis Uasmharc = 20M

D'fhéadfaí **Croí-ráiteas** a shainmhíniú mar cheann díobh seo a leanas:
- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Cuirfidh scrúdaitheoirí prionsabal na marcála de réir Croí-ráitis i bhfeidhm mar seo a leanas:
- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den CDB, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3***
***ÉIRE agus AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

AT 2021: Ní mór d'iarrthóirí **dhá** Thopaic ó Roinn 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.

Roinntear gach Topaic ina trí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(uasmharc: 30 marc)
B. Alt gearr le scríobh mar fhreagairt ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 40 marc):

Marcálfar cuid A, B agus C mar seo a leanas:

A. De ghnáth bronnfar na marcanna amhail 6 mharc in aghaidh na ceiste, tugann 6 mharc x 5 an t-uasmharc de 30 marc. Féach ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh malairtí leagain ar an gcleachtas sin.
B. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 20 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.
C. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 30 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Is é seo an marc iomlán a bhronntar do Chroí-ráitis, faoi réir uasmharc de 20 marc i gcuid B agus uasmharc de 30 marc i gcuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a fhreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Agus marcanna MC agus MG á mbronnadh, rachaidh an ceartaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir Gnáthleibhéil agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas.

# *Nótaí ar thopaicí aonair*

### *ROINN 2: ÉIRE*

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Thaistil sí de shiúl na gcos den chuid ba mhó | (6) |
| A2. | Bíoblaí | (6) |
| A3. | Gníomhaireachtaí fóirithinte de chuid Chumann na gCarad (3M) agus siúracha na Toirbhearta (3M) | (6) |
| A4. | Níor fhéad siad na hoidis a léamh/a leanúint | (6) |
| A5. | Baint bhailí amháin a bhí ag Trevelyan leis an nGorta Mór in Éirinn | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Diúltaíonn Cúige Uladh go gcuirfear iallach air dul isteach i Rialtas Dúchais | (6) |
| A2. | Sa Deisceart (3M) agus san Iarthar (3M) | (6) |
| A3. | Níl dóthain daoine acu | (6) |
| A4. | Tá (3M), beidh sé ag tacú “go deireadh leo” (3M) | (6) |
| A5. | Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Cuireadh Oifig an Phoist (GPO) trí thine | (6) |
| A2. | Iarnóin Dé Sathairn | (6) |
| A3. | Níl (3M),gheobhaidh siad bás “go croíúil agus go bródúil” (3M) | (6) |
| A4. | Beidh onóir/meas ag daoine orthu/cuimhneoidh daoine orthu/ beannóidh daoine iad | (6) |
| A5. | Spreagfaidh bás/fulaingt tírghráthóirí daoine eile chun Saoirse na hÉireann a lorg (nó míniú bailí eile) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Is áit bheag é (3M) agus níl sé ródheas (3M) | (6) |
| A2. | Northampton | (6) |
| A3. | Ag tochailt [trinse] | (6) |
| A4. | Gaeilge | (6) |
| A5. | Aon fhreagra bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tríd an raidió | (6) |
| A2. | Héileacaptar | (6) |
| A3. | Ar an teorainn [leis an bPoblacht] | (6) |
| A4. | Rith siad (3M) lena gunnaí socraithe chun lámhaigh (3M) | (6) |
| A5. | Cath Thaobh an Bhogaigh/níor fhéad an RUC déileáil leis an gcorraíl | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*
**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Oíche Chinn Bliana, 1961 | (6) |
| A2. | Uachtarán de Valera | (6) |
| A3. | Cumhacht na teilifíse chun tionchar a imirt ar smaointe/ghníomhartha na ndaoine | (6) |
| A4. | Gan ligean dá gcuid páistí a bheith gafa go hiomlán leis an teilifís | (6) |
| A5. | Aon fhreagra bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tharla siad go tobann | (6) |
| A2. | Theith sé 'mar a bheadh coirpeach ann'. | (6) |
| A3. | Rinne na trúpaí lámhach ar na sluaite | (6) |
| A4. | Bunreacht nua (3M) agus parlaimint (3M) | (6) |
| A5. | Tríd is tríd, NÍOR bhain (3M). Míniú bailí AMHÁIN (3M) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 16 Iúil/1915 | (6) |
| A2. | [Na mílte] ban | (6) |
| A3. | Go dtabharfaí cead do na mná a bheith páirteach in obair chogaidh/go gcaithfí go cóir leo | (6) |
| A4. | Pá cothrom/cosaint dá gcaighdeán maireachtála/cosaint a thabhairt dóibh ó dhúshaothrú ag fostóirí | (6) |
| A5. | Cineál oibre AMHÁIN (e.g. muinisin/talmhaíocht, etc.) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Chun áiseanna itheacháin/codlata a chur ar fáil don oiread sin daoine | (6) |
| A2. | I monarchana (3M) agus i scoileanna (3M) | (6) |
| A3. | Bunaíodh lárchoiste chun earraí bia a cheannach/eagraíodh cistiní machaire do gach grúpa/ceannaíodh bia an fhad agus ab fhéidir roimh ré | (6) |
| A4. | Níor fhéad siad aon deoch mheisciúil a riar i ndiaidh meán oíche | (6) |
| A5. | Ionchur bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Chreimil | (6) |
| A2. | Óráid a bhí cineál maslach [do na Briotanaigh] | (6) |
| A3. | Gur mhinic a dúirt sé rudaí nár cheart dó a rá | (6) |
| A4. | D'ól siad sláinte a chéile [le branda] | (6) |
| A5. | Míniú bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | [Lár Aibreáin] 1981 | (6) |
| A2. | Gortaíodh go leor daoine agus/nó póilíní/cuireadh foirgnimh trí thine | (6) |
| A3. | DHÁ cheann ar bith: Learpholl, Manchain, Birmingham, agus/nó Leeds (3M + 3M) | (6) |
| A4. | Níor fhan (3M), bhí "briseadh amach" eile in Brixton (3M) | (6) |
| A5. | Daoine de bhunadh Mhuir Chairib a tháinig chuig an mBreatain chun ganntanas lucht saothair a líonadh i ndiaidh an chogaidh | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2021

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Ní cheadaítear aon mharc don teideal, ach beidh sé riachtanach chun an teideal a chur san áireamh chun 'ábharthacht na bhfoinsí don ábhar' a chur san áireamh i *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go hiomlán agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = uasmhéid 6 mharc maidir le dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (eg: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Nuair a chuirtear gach rud sa fhreagra san áireamh, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***An-mhaith:*** 8-9 marc
***Maith:*** 6-7 mharc
***Réasúnta:*** 3-5 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | A***n-mhaith:*** | 21-25 mharc |
| | ***Go maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | A***n-mhaith:*** | 14-17 marc |
| | ***Go maith:*** | 10-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc

Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá tábhacht stairiúil leis an staidéar roghnaithe<br>(níl sé doiléir ná gan tábhacht)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith:***<br>***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan Amach<br>Fad cuí | ***An-mhaith:***<br>***Maith:***<br>***Réasúnta:***<br>***Lag:*** | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

### *Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Agus tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Maith:*** | 6-7 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Ní bheidís chomh feiceálach sin sa timpeallacht ina raibh siad | 8M |
| (b) | Ní raibh aon mheas orthu | 8M |
| (c) | Hata dubh cearnógach | 8M |
| (d) | Ba ghá aithris a dhéanamh ar a gcuid nósanna | 8M |
| (e) | Ar ghuaillí giollaí. | 8M |

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Cuireann Doiciméad A síos níos mionsonraithe ar na héadaí a chaitheadh na hÍosánaigh.

Doic A: I dtosach báire, chaitheadh na hÍosánaigh cótaí liatha (cosúil leo siúd a bhíodh á gcaitheamh ag na manaigh Bhúdaíocha). Ansin, bhíodh róbaí síoda plumchorcra a mbíodh imill ghorma orthu á gcaitheamh acu. Bhíodh hataí dubha cearnógacha á gcaitheamh acu freisin.

Doic.B: Chaitheadh na hÍosánaigh róbaí síoda agus an cineál hata a chaitheadh na daoine uaisle díomhaoine. Ní chuirtear síos ar na dathanna ná na cruthanna.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.
Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) Is ea, taispeánann an dá dhoiciméad gur chuir na hÍosánaigh iad féin in oiriúint go maith don saol sa tSín.

Doic A:
D'fhéach na hÍosánaigh le bheith ar a gcompord leis an bpobal trí aithris a dhéanamh ar nósanna na Síneach. I dtosach báire, ghléasaidís agus bhearraidís a bhféasóga cosúil leis na manaigh Bhúdaíocha. Ach ansin thuig siad nach raibh meas ar na manaigh Bhúdaíocha agus d'athraigh siad a bhfeisteas chun aithris a dhéanamh ar scoláirí Síneacha/na daoine uaisle díomhaoine. Léiríonn sé seo gur thuig na hÍosánaigh saol na Síne agus dearcthaí Síneacha agus rinne siad a ndícheall bheith ar a gcompord leis na daoine a raibh siad ag iarraidh bheith mór leo.

Doic.B:
Bhí an tAthair Ricci ag iarraidh bheith ar a chompord leis na Giúistísí sa tSín agus thuig sé gur cheart dó aithris a dhéanamh ar a nósanna. Ghlac sé a stíl feistis chuige féin. Thugadh sé searbhóntaí leis agus é ag dul ar cuairt chun a léiriú gur duine é a bhfuil stádas ard ag baint leis. Bhaineadh sé úsáid as modh iompair na Síneach, bhíodh sé á iompar ar ghuaillí giollaí. Bhí sé de chuspóir aige go mbeadh sé "inghlactha" sa tSín de bharr go raibh sé ag iarraidh daoine a thiontú ina gCríostaithe.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.
Ní mór an dá dhoiciméad a lua.

5M + 5M Uasmharc = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is foinse thánaisteach é Doiciméad A de bharr gur scríobh staraí, Nora C. Buckley, é nach raibh i láthair sa tSín chun gníomhartha an Ath. Ricci a dhearbhú í féin. Foilsíodh an t-alt seo in 1977 ar tréimhse fhada í i ndiaidh do na heachtraí a ndéantar cur síos orthu titim amach.

Is féidir le fáth amháin, atá mínithe go maith, marcanna iomlána a fháil.

| | |
|---|---|
| Sármhaith = | 9-10 mharc |
| *A*n-mhaith = | 7-8 mharc |
| Maith = | 5-6 mharc |
| Réasúnta = | 3-4 mharc |
| Lag = | 0-2 mharc |

Uasmharc = 10M

(b) Ní raibh na hÍosánaigh bocht. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:
Déanann an tAth. Ricci aithris ar na Giúistísí, scothaicme sa tsochaí.
Caitheann sé éadaí síoda agus an cineál hata a chaitheann na daoine uaisle díomhaoine.
Tugann sé beirt searbhóntaí leis agus é ag dul ar cuairt.
Bíonn sé á iompar ar ghuaillí giollaí.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = | 9-10 mharc | |
| *A*n-mhaith = | 7-8 mharc | |
| Maith = | 5-6 mharc | |
| Réasúnta = | 3-4 mharc | |
| Lag = | 0-2 mharc | Uasmharc = 10M |

## *4. Comhthéacsúchán (20 marc)*

Tabhair do d'aire: iarrann an cheist **cad a bhain** misean na nÍosánach sa tSín **amach**.

Marcáiltear de réir phrionsabal an Chroí-ráitis Uasmharc = 20M

D'fhéadfaí **Croí-ráiteas** a shainmhíniú mar cheann díobh seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh

Cuirfidh scrúdaitheoirí prionsabal na marcála de réir Croí-ráitis i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh

Anseo, i gceist 4 den Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***ÉIRE agus AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

AT 2021: Ní mór d'iarrthóirí **dhá** Thopaic ó Roinn 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.

Roinntear gach Topaic ina trí chuid:

D. Aonad spreagadh-thiomáinte le 4/5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(uasmharc: 30 marc
E. Alt gearr le scríobh mar fhreagairt ar cheann de cheithre cheannteideal (uasmharc: 30 marc)
F. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal (uasmharc: 40 marc)

Marcálfar cuid A, B agus C mar seo a leanas:

D. De ghnáth bronnfar na marcanna amhail 6 mharc in aghaidh na ceiste, tugann 6 mharc x 5 an t-uasmharc de 30 marc. Féach ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh malairtí leagain ar an gcleachtas sin.
E. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 20 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Meastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.
F. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 30 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Meastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Is é seo an marc iomlán a bhronntar do Chroí-ráitis, faoi réir uasmharc de 20 marc i gcuid B agus uasmharc de 30 marc i gcuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a fhreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 9-10 mharc
***An-mhaith:*** 7-8 mharc
***Maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna MC agus MG á mbronnadh, rachaidh an ceartaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir Gnáthleibhéil agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas.

# *Nótaí ar thopaicí aonair*

## *Roinn 2: ÉIRE*

*Éire: Topaic 1*
**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Talamh i bPort Láirge | (6) |
| A2. | Gan cead an Rí | (6) |
| A3. | Seasca [nó níos mó] | (6) |
| A4. | Má íocann siad fíneáil/cáin | (6) |
| A5. | Aon difríocht bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn le linn réimeas Eilíse, 1558-1603**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tionlacan gallóglach/saighdiúir gairmiúil | (6) |
| A2. | Bhí tuanna catha mar airm acu | (6) |
| A3. | Bhí léinte buí, ionair ghearra agus clócaí garbha á gcaitheamh acu (DHÁ Cheann ar bith, 3M + 3M) | (6) |
| A4. | An-aisteach/amhail is gur as an tSín nó as Meiriceá a tháinig siad | (6) |
| A5. | Mharaigh Clann Dòmhnaill é [in 1567] | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Fóid (3M) agus crainn óga (3M) | (6) |
| A2. | Luachair | (6) |
| A3. | Bhunaigh siad margadh | (6) |
| A4. | Cláir dharach/díon sclátaí/fuinneoga gloinithe | (6) |
| A5. | Rí Séamas I | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ionad táirgthe línéadaigh | (6) |
| A2. | Dódh lár an bhaile in 1707 | (6) |
| A3. | Pinsean de £400 | (6) |
| A4. | Tháirg sé seoléadaigh [i bPort Láirge, i gCorcaigh agus in áiteanna eile] | (6) |
| A5. | Na hÚgónaigh (3M), ón bhFrainc (3M) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta - teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tiobraid Árann (3M), 1761 (3M) | (6) |
| A2. | Tiarna talún (3M) agus Féaránaigh (3M) | (6) |
| A3. | Ioc mar dheachú | (6) |
| A4. | Bhailigh siad ina líon mór/éidí | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí siad dea-thógtha (3M) agus bhí slinn orthu (3M) | (6) |
| A2. | Droch-dhromchla/cairn aoiligh | (6) |
| A3. | Tiarna Dhún na nGall | (6) |
| A4. | Seomra Tionóil | (6) |
| A5. | Línéadach | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

## *Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Daonra ard de 100,000 áitritheoir/ tithe móra trádála/ráideanna plódaithe le ceannaithe, mairnéalaigh agus dugairí/croílár na trádála leis an Domhan Nua/chruinnigh na cabhlaigh ann chun seoladh chuig an Domhan Nua (DHÁ cheann ar bith, 3M + 3M) | (6) |
| A2. | Chuig Vera Cruz/Meicsiceo | (6) |
| A3. | Airgead | (6) |
| A4. | Ceannaithe, tógálaithe long, baincéirí (DHÁ cheann ar bith, 3M + 3M) | (6) |
| A5. | Earra/táirge AMHÁIN eile | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Na huaisle (3M) agus gobharnóirí na gcúigí (3M) | (6) |
| A2. | Chun údarás an Rí a laghdú/a n-údarás féin a mhéadú | (6) |
| A3. | Bhí staid lag aige | (6) |
| A4. | Tagraíonn Richelieu do "ghaois agus crógacht" an Rí | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Fir uaisle (3M) agus ceannaithe (3M) | (6) |
| A2. | Sagairt (3M) agus tuathánaigh (3M) | (6) |
| A3. | Chuaigh a mbaill éadaigh síos go dtí na sála | (6) |
| A4. | Sa stíl Fhrancach | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Calafort den scoth | (6) |
| A2. | Sclábhaithe | (6) |
| A3. | Cócó (3M), agus siúcra (3M) | (6) |
| A4. | Indeagó, cadás, sinséar agus pimeantó (DHÁ cheann ar bith, 3M + 3M) | (6) |
| A5. | Ionchur bailí AMHÁIN, chuidigh sé leis an India a fháil don Bhreatain | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Banríon na Fraince | (6) |
| A2. | Chaith Marie Antoinette a ham agus a dúthracht ar fad leis an gceol | (6) |
| A3. | Chaill Marie Antoinette suim i léitheoireacht agus i gceol/ tá sí ag caitheamh a cuid ama ar fad leis an rásaíocht agus seilg/tá sí ag déanamh faillí ar an rí | (6) |
| A4. | Deir sí go bhfuil sé “go breá agus go maith” | (6) |
| A5. | Faoi réabhlóid | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

**Appendix 1**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 22 |
| 227 - 230 | 21 |
| 231 - 233 | 20 |
| 234 - 236 | 19 |
| 237 - 240 | 18 |
| 241 - 243 | 17 |
| 244 - 246 | 16 |
| 247 - 250 | 15 |
| 251 - 253 | 14 |
| 254 - 256 | 13 |
| 257 - 260 | 12 |
| 261 - 263 | 11 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 264 - 266 | 10 |
| 267 - 270 | 9 |
| 271 - 273 | 8 |
| 274 - 276 | 7 |
| 277 - 280 | 6 |
| 281 - 283 | 5 |
| 284 - 286 | 4 |
| 287 - 290 | 3 |
| 291 - 293 | 2 |
| 294 - 296 | 1 |
| 297 - 300 | 0 |
| | |